16. Cad é an réamhfhocail atá de dhíth ort?

ag	–	agam, agat, aige, aici, againn, agaibh, acu
ar	–	orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu
as	–	asam, asat, as, aisti, asainn, asaibh, astu
chuig	–	chugam, chugat, chuige, chuici, chugainn, chugaibh, chucu
de	–	díom, díot, de, di, dínn, díbh, díobh
do	–	dom, duit, dó, di, dúinn, daoibh, dóibh
faoi	–	fúm, fút, faoi, fúithi, fúinn, fúibh, fúthu
i	–	ionam, ionat, ann, inti, ionainn, ionaibh, iontu
le	–	liom, leat, leis, léi, linn, libh, leo
ó	–	uaim, uait, uaidh, uaithi, uainn, uaibh, uathu
roimh	–	romham, romhat, roimhe, roimpi, romhainn, romhaibh, rompu

17. An bhfuil focail eile ann in áit 'arsa'?

a d'fhiafraigh mé
a d'fhógair mé
a d'fhreagair mé
a dúirt mé i gcogar
a dúirt mé le gáire
a mhínigh mé
a scairt mé
a scread mé

18. Cad é do thuairim?

is é mo thuairim go bhfuil...
is é mo bharúil go bhfuil...
is dóigh liom go bhfuil...
measaim go bhfuil...
dar liom go bhfuil...
ceapaim go bhfuil...
sílim go bhfuil...

19. An bhfuil focail eile ann in áit 'mar'?

ós rud é go bhfuil...
toisc go bhfuil...
ó thárla go bhfuil...
de bharr go bhfuil...
ar an ábhar go bhfuil...
de dheasca go bhfuil...

20. Ar chuir tú tús ceart le do litir?

A chara
A chairde
A dhuine uasail
A ___ dhil
A ___ ghrá

21. Ar chuir tú críoch cheart le do litir?

Is mise le meas
Le dea-ghuí
Le dea-mhéin
Le buíochas
Le grá

22. Cá mhéad duine atá ann?

duine amháin	seisear
beirt	seachtar
triúr	ochtar
ceathrar	naonúr
cúigear	deichniúr



Gach léaráid © thinkstock.com

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Snas ar Scéal!

Cárta 2 Leagan COGG

Curaclam Thuaisceart Éireann

1. Cad atá chomh... le...?

chomh bán le sneachta
chomh bog le tocht
chomh ciúin le luchóg
chomh crua le cloch
chomh dearg le fuil
chomh dubh le gual
chomh ramhar le muc
chomh fuar le sioc
chomh glic le sionnach
chomh héadrom le cleite
chomh huaigneach le coill
chomh lag le sop
chomh leisciúil le muc
chomh milis le mil
chomh sean leis na cnoic

2. Cuir síos air!

aisteach	feargach	míshláintiúil
amaideach	fiáin	míshásúil
beomhar	foirfe	neirbhíseach
bocht	folláin	rathúil
bréagach	gaisciúil	réchúiseach
brónach	garbh	sábháilte
claonta	gealgháireach	saibhir
contúirteach	géarchúiseach	santach
costasach	gleoite	scanrúil
cróga	glórach	séimh
cruálach	gonta	slán
déistineach	gruama	slachtmhar
difriúil	leadránach	tábhachtach
díograiseach	léanmhar	traochta
dóchasach	lom	trioblóideach
éadmhar	luachmhar	truamhéalach
eolach	millteanach	uafásach

3. Conas mar a bhí sé?

dochreidte / inchreidte / sochreidte
dodhéanta / indéanta / sodhéanta
dofheicthe / infheicthe / sofheicthe
do-ite / inite / so-ite
do-ólta / in-ólta / so-ólta
doléite / inléite / soléite
dothuigthe / intuigthe / sothuigthe

4. An bhfuil focail eile ann in áit 'deas/maith'?

álainn	pléisiúrtha
aoibhinn	sultmhar
ar fheabhas	thar barr
breá	thar a bheith...
den chéad scoth	
dochreidte	
iontach	
gleoite	

5. Conas mar a bhí an aimsir?

bhí toirneach agus tintreach ann

bhí doineann ann

bhí brat bán sneachta ann

bhí sioc ann

bhí sé ag cur fearthainne

bhí sé ag stealladh báistí

bhí sé fuar feanntach

bhí sé scamallach/néaltach

bhi sé ag doirteadh fearthainne

bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch

ní raibh ann ach peata de lá

tháinig athrú/donacht ar an aimsir

tháinig feabhas ar an aimsir

bhí sé brothallach

bhí teas bocht ann

bhí sé te teolaí

6. An bhfuil sé níos...ná...?

mór/níos mó	ard/níos airde
beag/níos lú	ciúin/níos ciúine
deacair/níos deacra	fada/níos faide
éasca/níos éasca	tapa/níos tapúla
maith/níos fearr	glan/níos glaine
olc/níos measa	
mall/níos moille	
te/níos teo	



7. Cathain...?

ag tús an lae / na maidine / na hoíche / na seachtaine / na míosa / na bliana

le linn an lae / na maidine / na hoíche / na seachtaine / na míosa / na bliana

ag deireadh an lae / na maidine / na hoíche / na seachtaine / na míosa / na bliana

inniu, inné, arú inné, aréir, arú aréir, amárach, ar maidin, anuraidh

ag an deireadh seachtaine,
an tseachtain seo, an mhí seo, i mbliana

an tseachtain seo caite, an tseachtain seo chugainn

ar theacht isteach dom
ar dhul amach dom
ar fhilleadh abhaile dom

8. An bhfuil focail eile ann in áit 'ansin'?

i dtús báire
go díreach ina dhiaidh sin
tamall beag ina dhiaidh sin
i ndiaidh tamall gairid
i ndiaidh tamall fada
faoi dheireadh
sa deireadh thiar thall

9. Cén fhad...?

ar feadh cúpla nóiméad	ar feadh an lae
ar feadh uair an chloig	ar feadh coicíse
ar feadh tamall beag	ar feadh míosa
ar feadh tamall fada	ar feadh bliana
ar feadh seachtaine	ar feadh i bhfad

10. Cén áit a raibh sé?

ar thaobh na láimhe clé
ar thaobh na láimhe deise
ar mo chúl
in aice liom
os mo chionn
os mo chomhair
taobh thiar díom
thíos fúm



11. Cén sórt é?

Is páiste deas **mé**.
Is ceoltóir maith **mé**.
Is cailín múinte **mé**.

Is peileadóir iontach **thú**.
Is cara cineálta **thú**.
Is duine greannmhar **thú**.

Is buachaill cliste **é**.
Is lá grianmhar **é**.
Is bia blasta **é**.

Is cailín cabhrach **í**.
Is obair néata **í**.
Is fuinneog mhór **í**.

12. Cad atá á dhéanamh agat?

ag baint le...
ag bualadh le...
ag cabhrú le...
ag éirí as...
ag éisteacht le...
ag fanacht le...
ag féachaint ar...
ag gáire faoi....
ag imirt le...
ag labhairt ar...
ag magadh faoi...
ag súil le...
ag tnúth le...

13. Cad a dhéanfaidh tú?

Béarfaidh mé	Gheobhaidh mé
Beidh mé	Rachaidh mé
Cloisfidh mé	Tabharfaidh mé
Feicfidh mé	Tiocfaidh mé
Íosfaidh mé	
Déarfaidh mé	
Déanfaidh mé	

14. Cad a dhéanfá?

Bhéarfainn	Gheobhainn
Bheinn	Rachainn
Chloisfinn	Thabharfainn
D'fheicfinn	Thiocfainn
D'íosfainn	
Déarfainn	
Dhéanfainn	

15. An féidir leat na frásaí seo a úsáid le habairtí a cheangal le chéile?

áfach	dá bharr sin	mar gheall air sin
ar an dea-uair	dá thairbhe sin	mar sin de
ar an drochuair	freisin/leis	mar sin féin
ar dtús	go tobann	riamh roimhe
choíche arís	ina dhiaidh sin	sara bhfad
chomh maith leis sin	leis an fhírinne a rá	ar an gcéad dul síos